Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14401/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0138(COD)**

**TRANS 548**
**CODEC 1665**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13984/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9075/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. Ar an 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar chuid den tríú pacáiste 'An Eoraip ag Gluaiseacht' arb é is aidhm dó soghluaisteacht san Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, níos glaine, níos éifeachtúla agus níos inrochtana.

2. Is é príomhchuspóir an togra na rialacha lena ndeonaítear ceadanna a shimpliú, agus é mar aidhm leis sin díriú ar thabhairt i gcrích an Ghréasáin tras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a éascú. Tá sé ina aidhm leis freisin cur le soiléireacht na bpróiseas is gá do thionscnóirí tionscadail a leanúint, go háirithe maidir le deonú ceadanna, soláthar poiblí agus nósanna imeachta eile.

3. Dírítear ar phríomhchuspóir an togra a bhaint amach tríd na nithe seo a leanas:

– údarás inniúil aonair a bhunú (ionad ilfhreastail) a bheidh i gceannas ar an bpróiseas foriomlán agus a ghníomhóidh mar phointe iontrála aonair do thionscnóirí tionscadail agus d'infheisteoirí eile;

– nósanna imeachta comhtháite a bhunú as a n-eascróidh cinneadh cuimsitheach amháin;

– spriocdhátaí a leagan síos le haghaidh próiseas dhá chéim ina mbeidh uastréimhse trí bliana.

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

4. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) atá ainmnithe mar choiste atá freagrach as an gcomhad seo agus Dominique Riquet (ALDE, FR) mar rapóirtéir. Vótáil an Pharlaimint ar an tuarascáil agus ghlac sí a seasamh ar an gcéad léamh ar an 13 Feabhra 2019. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim ag an seisiún iomlánach ar an 17 Deireadh Fómhair 2018. Ghlac Coiste na Réigiún tuairim ar an 7 Feabhra 2019.

## III. AN STAID REATHA SA CHOMHAIRLE

5. Thosaigh an Mheitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódula agus Gréasáin a cuid oibre i mí an Mheithimh 2018 le cur i láthair ginearálta faoin togra agus a measúnú tionchair. **Rinne an Mheitheal staidéar ar an togra idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2019, agus dhá thuarascáil ar dhul chun cinn[1] a bhí mar thoradh ar na cruinnithe sin agus a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 3 Nollaig 2018 agus an 6 Nollaig 2019, faoi seach.**

1 14226/18
9189/19

6. Lean an uachtaránacht den obair agus gheall sí trí chruinniú sa bhreis a chaitheamh le mionscrúdú a dhéanamh ar an gcomhad ar an leibhéal teicniúil idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2019. Ar bhonn na mbarúlacha agus na moltaí a rinne na toscaireachtaí, thíolaic an uachtaránacht trí théacs comhréitigh lenar tugadh isteach tuilleadh soiléirithe, simplithe agus solúbthachta do na Ballstáit, agus is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna:

– cuireadh teorainn ar raon feidhme na dréacht-Treorach ó chonairí an chroíghréasáin chuig codanna réamh-shainaitheanta de chroíghréasán TEN-T;
- soiléiríodh a thuilleadh na nósanna imeachta agus na ceadanna a chumhdaítear leis an togra;
- soiléiríodh a thuilleadh ról agus freagracht an údaráis ainmnithe. Sainítear an t-údarás ainmnithe go príomha mar an príomhphointe teagmhála chun faisnéis a fháil don tionscnóir tionscadail a thabharfaidh treoir maidir leis na doiciméid agus an fhaisnéis ábhartha uile a chur isteach, má iarrtar sin air. Féadfaidh na Ballstáit freagrachtaí níos fairsinge a chur ar an údarás ainmnithe;
- tá sé de rogha anois ag na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an gcur síos mionsonraithe ar an iarratas; nuair a fhoráiltear dó sin, ní chuirfear ar fáil don tionscnóir tionscadail é ach amháin má iarrtar sin.

D'aithin gach Ballstát gur céimeanna móra sa treo ceart iad na tograí comhréitigh sin.

Creideann an uachtaránacht go gcuirtear méid suntasach solúbthachta ar fáil leis an gcomhréiteach san Iarscríbhinn a d'iarr na Ballstáit chun leas a bhaint as a nósanna imeachta deonaithe ceadanna atá i bhfeidhm faoi láthair, agus go gcuirtear breisluach ar fáil leis le haghaidh éifeachtúlacht mhéadaithe na nósanna imeachta um dheonú ceadanna, agus dá bhrí sin go rannchuidítear le cur chun feidhme tráthúil na dtionscadal ar ghréasán TEN-T.

7. Thug an Mheitheal aghaidh ar líon mór saincheisteanna teicniúla agus measann an uachtaránacht gurb ionann an téacs comhréitigh san Iarscríbhinn agus réiteach cothrom ar na saincheisteanna sin.

## IV. CONCLÚIDÍ

8. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh ag an gcruinniú a bhí aige ar an 20 Samhain 2019.[2]

9. Iarrtar ar na hairí teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta, mar a léirítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo, ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) ar an 2 Nollaig 2019.

[2] Ag an ócáid sin, d'fhógair toscaireacht na Gearmáine go gcuirfidh sí isteach ráiteas le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle. Tá an ráiteas seo leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

[3] IO C , , lch. .
[4] IO C , , lch. .

(1) Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] creat coiteann maidir le gréasáin idir-inoibritheacha, úrscothacha a chruthú ar mhaithe le forbairt an mhargaidh inmheánaigh. Struchtúr dhá shraith atá ag na gréasáin thras-Eorpacha iompair (TEN-T): áirithítear leis an ngréasán cuimsitheach nascacht idir réigiúin uile an Aontais agus is éard atá sa chroíghréasán na gnéithe sin den ghréasán cuimsitheach ar mó a dtábhacht straitéiseach don Aontas. Sa Rialachán sin, sainítear spriocanna ceangailteacha maidir leis an gcur chun feidhme agus tá an croíghréasán le bheith tugtha i gcrích faoi 2030 agus an gréasán cuimsitheach faoi 2050.

(2) D'ainneoin an ghá atá ann agus na n-amlínte ceangailteacha, is léir ón taithí a fuarthas roimhe seo, i gcás a lán infheistíochtaí a bhfuil sé ina chuspóir leo TEN-T a thabhairt i gcrích, go mbíonn nósanna imeachta casta le sárú acu maidir le deonú ceadanna, soláthar trasteorann agus eile. Fágann sin go mbíonn an baol ann nach gcuirfear tionscadail chun feidhme in am agus is minic moilleanna suntasacha agus ardú costais ann dá bharr sin. Is é is aidhm don Treoir seo aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus TEN-T a thabhairt i gcrích ar bhealach sioncronaithe tráthúil trí ghníomhaíocht chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.

(2a) Ba cheart go gcumhdófaí leis an Treoir seo nósanna imeachta a bhaineann le tionscadail, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol. Mar sin féin, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do phleanáil uirbeach nó d'úsáid talún agus do na céimeanna a dhéantar ar an leibhéal straitéiseach agus nach mbaineann le tionscadail, amhail measúnú straitéiseach comhshaoil, pleanáil bhuiséadach phoiblí chomh maith le pleananna iompair náisiúnta nó réigiúnacha. Chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta um dheonú ceadanna a mhéadú agus chun doiciméadacht tionscadail ar ardchaighdeán a áirithiú, ba cheart do thionscnóirí tionscadail an obair ullmhúcháin[…] a dhéanamh amhail réamhstaidéir agus réamhthuarascálacha sula gcuirfear tús leis an nós imeachta um dheonú ceadanna. Níor cheart an Treoir seo a bheith infheidhme maidir le nósanna imeachta os comhair údarás achomhairc riaracháin, os comhair cúirte nó os comhair binse.

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

(2aa) Ba cheart an Treoir seo a bheith infheidhme maidir le tionscadail ar cuid de chodanna réamh-shainaitheanta chroíghréasán TEN-T iad, mar a liostaítear iad san Iarscríbhinn. Tionscadail a bhaineann go heisiach le feidhmchláir theileamaitice, le teicneolaíocht nua agus le nuálaíocht, ba cheart iad a eisiamh ón raon feidhme toisc nach bhfuil a n-úsáid teoranta do chroíghréasán TEN-T. Féadfaidh na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail eile a bhaineann leis an gcroíghréasán agus leis an ngréasán cuimsitheach TEN-T, lena n-áirítear tionscadail a bhaineann go heisiach le feidhmchláir theileamaitice, le teicneolaíocht nua agus le nuálaíocht, d'fhonn cur chuige comhchuibhithe a chumasú do thionscadail bonneagair iompair. Trí liostaí de thionscadail aonair a thagann faoi chuimsiú na Treorach seo a fhoilsiú ag údaráis náisiúnta, ba cheart go méadófaí trédhearcacht do thionscnóirí tionscadail maidir le hoibreacha atá idir lámha agus oibreacha a dhéanfar amach anseo ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

(3) Ba cheart tosaíocht a thabhairt do thionscadail a chumhdaítear leis an Treoir seo, i gcás inarb iomchuí. Féadfar a áireamh sa tosaíocht sin amlínte níos giorra, nósanna imeachta comhuaineacha nó tréimhsí ama teoranta le haghaidh achomharc agus é á áirithiú, ag an am céanna, go mbaintear amach cuspóirí na mbeartas cothrománach eile, amhail beartais chomhshaoil arb é is aidhm dóibh éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc, a laghdú nó a fhritháireamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. Faoi chuimsiú creat dlíthiúil cuid mhaith de na Ballstáit, tugtar tosaíocht do chatagóirí áirithe tionscadal ar bhonn a dtábhachta straitéisí don gheilleagar. I gcás ina bhfuil creat den sórt sin ann laistigh de chreat dlíthiúil náisiúnta, ba cheart feidhm a bheith aige go huathoibríoch maidir le tionscadail faoi raon feidhme na Treorach seo.

(4) scriosta.

(5) Ba cheart tacú le tionscadail ar chonairí an chroíghréasáin le nósanna imeachta éifeachtúla um dheonú ceadanna ionas gur féidir bainistiú soiléir a dhéanamh ar an nós imeachta foriomlán agus chun príomhphointe iontrála a sholáthar do thionscnóirí tionscadail. Ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus lena gcórais riaracháin agus leis an gcineál tionscadail.

(6) Le hainmniú na n-údarás a ghníomhaíonn mar phríomhphointe teagmhála don tionscnóir tionscadail le haghaidh gach nós imeachta um dheonú ceadanna, ba cheart go laghdófaí castacht na nósanna imeachta, go bhfeabhsófaí éifeachtúlacht agus go méadófaí trédhearcacht na nósanna imeachta. Ina theannta sin, ba cheart go bhfeabhsódh sé an comhar idir na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Ba cheart fíorchomhar idir tionscnóirí tionscadail agus an t-údarás ainmnithe a chur chun cinn leis na nósanna imeachta.

(6a) Cúraimí a bhaineann le comhordú agus údarú a dhéanamh, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta, ar thionscadail shonracha arb é is aidhm dóibh bonneagar a atógáil ar chroíghréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i gcás tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine, féadfar iad a chur ar iontaoibh an údaráis ainmnithe freisin.

(7) Ba cheart an nós imeachta a leagtar amach sa Treoir seo a bheith gan dochar do chomhlíonadh na gceanglas a shainítear sa dlí idirnáisiúnta agus i ndlí an Aontais, lena n-áirítear ceanglais chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint. Níor cheart caighdeáin níos ísle a bheith mar thoradh ar an Treoir seo, ar caighdeáin iad atá beartaithe chun éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc, a laghdú nó a fhritháireamh.

(8) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tabhairt i gcrích chroíghréasán TEN-T, ba cheart teorainn ama a bheith ag gabháil leis an simpliú ar na nósanna imeachta um dheonú ceadanna, i gcás nósanna imeachta lena ndírítear ar chinneadh údarúcháin a ghlacadh chun an bonneagar iompair a thógáil. Ba cheart don teorainn ama sin láimhseáil níos éifeachtúla ar nósanna imeachta a spreagadh, agus níor cheart di, ar chúinse ar bith, an bonn a bhaint d'ardchaighdeáin an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil agus rannpháirtíocht phoiblí. Ba cheart a bheith in ann síneadh a chur leis an teorainn ama do na nósanna imeachta um dheonú ceadanna i gcásanna cuí-réasúnaithe, lena n-áirítear nuair a thagann imthosca nárbh fhéidir a thuar chun cinn nó i gcás inar gá chun an comhshaol a chosaint. Féadfar an spriocdháta don fhadú a shocrú, mar shampla, mar dháta, mar thréimhse ama nó mar imeacht áirithe eile a bheidh ann amach anseo. Níor cheart a áireamh sa teorainn ama fadaithe an t-am is gá chun nósanna imeachta riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a dhéanamh.

(9) Ba cheart do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh lena áirithiú go ndéileálfar ar an mbealach is éifeachtúla is féidir le hachomhairc lena ndéantar dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht ghnásúil cinnidh údarúcháin a agóid.

(10) Beidh dúshláin ar leith ag baint le tionscadail bhonneagair TEN-T a bhaineann le dhá Bhallstát nó níos mó a mhéid a bhaineann le comhordú na nósanna imeachta um dheonú ceadanna. Ba cheart na Comhordaitheoirí Eorpacha a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin chun a sioncrónú agus a dtabhairt i gcrích a éascú.

(11) Ba cheart soláthar poiblí i dtionscadail trasteorann a dhéanamh i gcomhréir leis an gConradh agus, i gcás inarb ábhartha, le Treoir 2014/25/AE[6] nó le Treoir 2014/24/AE[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. D'fhonn a áirithiú go dtabharfar i gcrích go héifeachtúil tionscadail trasteorann an chroíghréasáin, ba cheart soláthar poiblí a dhéanann eintiteas comhpháirteach a bheith faoi réir reachtaíocht náisiúnta Ballstáit amháin. De mhaolú ar dhlí an Aontais maidir le soláthar poiblí, ba cheart, i bprionsabal, gurbh iad na rialacha náisiúnta is infheidhme rialacha an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eintiteas comhpháirteach. Ba cheart é a bheith fós indéanta an reachtaíocht is infheidhme a shainiú i gcomhaontú idir-rialtasach. Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na straitéisí soláthair atá ann faoi láthair a bheith infheidhme i gcónaí maidir le heintiteas comhpháirteach a bunaíodh roimh... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

(12) Ní bhíonn baint chórasach ag an gCoimisiún le húdarú tionscadal aonair. I gcásanna áirithe, áfach, bíonn gnéithe áirithe d'ullmhú tionscadail faoi réir imréiteach ar leibhéal an Aontais. I gcás ina bhfuil an Coimisiún páirteach sna nósanna imeachta, tabharfaidh sé tús áite do na tionscadail sin agus áiritheoidh sé cinnteacht do thionscnóirí tionscadail. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh gá a bheith le formheas státchabhrach. I gcomhréir leis an gCód Dea-Chleachtais maidir le seoladh nósanna imeachta i dtaobh rialú státchabhrach, féadfaidh Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún déileáil le tionscadail a bhaineann le croíghréasán TEN-T a mheasann siad gur cinn tosaíochta iad lena mbaineann amlínte níos intuartha faoi réir an chur chuige um punann cásanna nó pleanáil arna comhaontú go frithpháirteach.

---

[6] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 094, 28.03.2014, lch. 243).

[7] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(13) Ba cheart tacú le cur chun feidhme tionscadail bhonneagair a bhaineann le croíghréasán TEN-T freisin le treoirlínte ón gCoimisiún lena soláthraítear soiléireacht bhreise i dtaobh cur chun feidhme cineálacha áirithe tionscadal agus urraim á thabhairt do *acquis* an Aontais an tráth céanna. Mar shampla, sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar[8], a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ar an 27 Aibreán 2017, tugtar treoir agus tugtar soiléireacht bhreise maidir leis an gcaoi le Treoir 2009/147/CE agus Treoir 92/43/CEE a chomhlíonadh. Ba cheart tacaíocht dhíreach a bhaineann le soláthar poiblí a chur ar fáil i leith tionscadail leasa choitinn lena áirithiú go mbainfear an luach is fearr as airgead poiblí[9].

(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, toisc gur gá na cuspóirí sin a chomhordú, gur fearr is féidir é sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(15) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart na nósanna imeachta um dheonú ceadanna ar cuireadh tús leo roimh thrasuí na Treorach seo a bheith faoi réir fhorálacha na Treorach seo.

[8] COM(2017) 198 final.
[9] COM(2017) 573 final.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I - FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Ábhar agus raon feidhme***

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna a theastaíonn chun cur chun feidhme tionscadal atá mar chuid de na codanna réamhaitheanta de chroíghréasán TEN-T mar a liostaítear san Iarscríbhinn[10] a údarú, cé is moite de thionscadail a bhaineann go heisiach le feidhmchláir theileamaitice, teicneolaíocht nua agus nuálaíocht mar a shainmhínítear in Airteagail 31 agus 33 de Rialachán 1315/2013.

2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh cur i bhfeidhm na Treorach seo a leathnú chuig tionscadail eile ar chroíghréasán agus ar ghréasán cuimsitheach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair lena n-áirítear tionscadail a bhaineann go heisiach le feidhmchláir theileamaitice, teicneolaíocht nua agus nuálaíocht dá dtagraítear i mír 1.

---

10 Cuirfear an iarscríbhinn leis an Treoir seo agus beidh sí mar liosta de na naisc thrasteorann agus de na naisc atá in easnamh i Roinn 1 "Conairí an Chroíghréasáin agus liosta táscach de naisc thrasteorann réamhshainaitheanta agus de naisc atá in easnamh" de Chuid III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014, mar a leagtar amach sa Chomhthuiscint pháirteach, 7207/1/19 REV 1 a luaithe a ghlacfar í.

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "cinneadh údarúcháin" an cinneadh nó sraith cinntí a ghlacann údarás nó údaráis de chuid Ballstáit, gan údaráis achomhairc riaracháin, cúirteanna ná binsí san áireamh, ag an am céanna nó i ndiaidh a chéile, faoin gcóras dlí náisiúnta agus faoin dlí riaracháin lena gcinntear cibé acu atá nó nach bhfuil tionscnóir i dteideal an tionscadal a chur chun feidhme sa limistéar geografach lena mbaineann. Féadfaidh an cinneadh nó sraith cinntí a bheith de chineál riaracháin agus beidh sé gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin ;

(b) ciallaíonn "nósanna imeachta um dheonú ceadanna" aon nós imeachta nach mór a leanúint i ndáil le tionscadal aonair a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo d'fhonn an cinneadh údarúcháin a fháil de réir mar a cheanglaíonn údarás Bhallstáit, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Ní áireofar ann nósanna imeachta a bhaineann le pleanáil uirbeach nó úsáide talún, le soláthairtí poiblí a dhámhachtain, ná céimeanna a dhéantar ar an leibhéal straitéiseach, nach dtagraíonn do thionscadal ar leith, amhail measúnú straitéiseach comhshaoil, pleanáil bhuiséadach phoiblí chomh maith le pleananna iompair náisiúnta nó réigiúnacha .

(b)(i) ciallaíonn "tionscadal" cuid shainithe den bhonneagar iompair a thógáil, a oiriúnú nó a mhodhnú, as a dtiocfaidh feabhas ar thoilleadh, ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht an bhonneagair agus ar gá cinneadh údarúcháin maidir lena gcur i bhfeidhm;

(c) ciallaíonn "tionscnóir tionscadail" an t-iarratasóir ar údarú le haghaidh cur chun feidhme tionscadail nó an t-údarás poiblí a dhéanann tionscadal a thionscnamh;

(d) ciallaíonn "údarás ainmnithe" an t-údarás arb é príomhphointe teagmhála an tionscnóra tionscadail é agus arb é is aidhm dó próiseáil éifeachtúil agus struchtúrtha nósanna imeachta um dheonú ceadanna a éascú i gcomhréir leis an Treoir seo .

(e) scriosta.

## CAIBIDIL II – DEONÚ CEADANNA

*Airteagal 3*

***Stádas tosaíochta***

Féachfaidh na Ballstáit lena áirithiú go dtabharfaidh na húdaráis uile atá rannpháirteach sa nós imeachta um dheonú ceadanna, seachas cúirteanna agus binsí, tosaíocht do thionscadail a chumhdaítear leis an Treoir seo.

I gcás inarb ann do nósanna imeachta sonracha um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail tosaíochta faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit, gan dochar do chuspóirí, do cheanglais agus do theorainneacha ama na Treorach seo, go ndéileálfar le tionscadail a chumhdaítear faoin Treoir seo faoi na nósanna imeachta sin. Ní chuirfidh an méid sin cosc ar na Ballstáit tástáil a dhéanamh ar nósanna imeachta sonracha um dheonú ceadanna le haghaidh líon teoranta tionscadal, bíodh go bhféadfaidh siad teacht faoi raon feidhme na Treorach seo nó ná bíodh, chun meastóireacht a dhéanamh arbh fhéidir iad a leathnú chuig tionscadail eile.

Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'aon chinntí buiséadacha.

*Airteagal 4*

***Nós imeachta um dheonú ceadanna a sholáthar***

[Scriosta]

*Airteagal 5*

***Údarás Ainmnithe***

1. scriosta.

2. Ainmneoidh an Ballstát údarás ar an leibhéal riaracháin iomchuí chun gníomhú mar údarás ainmnithe. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, údaráis éagsúla a ainmniú mar údarás ainmnithe ag brath ar an tionscadal nó ar an gcatagóir tionscadal, ar an modh iompair, nó ar an limistéar geografach, ar an gcoinníoll nach bhfuil ach údarás ainmnithe amháin ann le haghaidh cinneadh údarúcháin áirithe. Féadfaidh na Ballstáit an chumhacht a thabhairt don údarás ainmnithe an cinneadh údarúcháin a eisiúint.

3. scriosta.

4. Déanfaidh an t-údarás ainmnithe an méid a leanas:

(a) beidh sé ina phríomhphointe teagmhála faisnéise don tionscnóir tionscadail sa nós imeachta as a dtagann an cinneadh údarúcháin le haghaidh tionscadal áirithe;

(b) cuirfidh sé ar fáil, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa reachtaíocht náisiúnta, cur síos mionsonraithe ar an iarratas dá dtagraítear in Airteagal 6a don tionscnóir tionscadail, lena n-áirítear na teorainneacha ama táscacha laistigh de na nósanna imeachta um dheonú ceadanna, i gcomhréir leis an teorainn ama a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 6;

**(c)** treoir a thabhairt, arna iarraidh sin, don tionscnóir tionscadail maidir leis na doiciméid agus an fhaisnéis uile ábhartha a chur isteach, lena n-áirítear na ceadanna, cinntí agus barúlacha nach mór a sholáthar agus a fháil don chinneadh údarúcháin. I gcás ina dtugtar an chumhacht don údarás ainmnithe an cinneadh údarúcháin a eisiúint, fíoróidh an t-údarás sin go bhfuarthas na ceadanna, na cinntí agus na barúlacha uile is gá don chinneadh údarúcháin. Má dhéanann na Ballstáit foráil dá leithéid, féadfaidh an t-údarás ainmnithe treoir a thabhairt don tionscnóir tionscadail freisin maidir leis an bhfaisnéis bhreise agus/nó na doiciméid bhreise ba cheart a sheachadadh i gcás inar diúltaíodh don fhógra.

Tá an mhír seo gan dochar d'inniúlacht aon údarás eile a bhfuil baint acu leis an nós imeachta um dheonú ceadanna.

5. scriosta.

*Airteagal 6*

***Fad tréimhse an phróisis um dheonú ceadanna***

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil do nós imeachta um dheonú ceadanna agus spriocdhátaí a shocrú don nós imeachta um dheonú ceadanna nach faide ná 4 bliana ó thús an nós imeachta um dheonú ceadanna. Féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh d'fhonn an tréimhse atá ar fáil a mhiondealú i gcéimeanna éagsúla agus de réir dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta.

2. Beidh an tréimhse ceithre bliana dá dtagraítear i mír 1 gan dochar d'oibleagáidí a eascraíonn as gníomhartha dlí de chuid an Aontais agus as gníomhartha dlí idirnáisiúnta agus ní áireofar inti tréimhsí is gá chun tabhairt faoi nósanna imeachta achomhairc riaracháin agus breithiúnacha agus chun bearta leantacha a dhéanamh maidir leo os comhair cúirte nó binse.

2.a. Beidh an tréimhse ceithre bliana dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do ghlacadh gnímh shonraigh reachtaíochta náisiúnta lena gcuirtear bailchríoch ar an nós imeachta um dheonú ceadanna. I gcás ina gcuirtear bailchríoch ar an nós imeachta um dheonú ceadanna trí ghníomh reachtach náisiúnta, cuirfear críoch leis an obair ullmhúcháin, a ghlacfar an ghníomh reachtach náisiúnta ar a bonn, laistigh den spriocdháta dá dtagraítear i mír 1. Measfar go dtiocfaidh deireadh leis an obair ullmhúcháin nuair a chuirfear gníomh sonrach reachtaíochta náisiúnta isteach chuig an bparlaimint náisiúnta.

3. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go bhféadfar síneadh iomchuí a dheonú ar an tréimhse ceithre bliana dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar tréimhse an tsínidh a chinneadh ar bhonn cás ar chás agus beidh údar cuí leis. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le síntí i ndiaidh a chéile.

4. scriosta.

5. scriosta.

6. scriosta.

7. scriosta.

Airteagal 6a

*An nós imeachta um dheonú ceadanna a eagrú*

1. Tabharfaidh an tionscnóir tionscadail fógra faoin tionscadal don údarás ainmnithe. Is é dáta fógartha an tionscadail ag an tionscnóir tionscadail dáta tosaigh an nós imeachta um dheonú ceadanna.

1a. Chun aibíocht an tionscadail a mheasúnú, féadfaidh na Ballstáit leibhéal mionsonraithe na faisnéise agus na ndoiciméad ábhartha atá le soláthar ag an tionscnóir tionscadail a shainiú agus fógra á thabhairt maidir le tionscadal aige. Mura bhfuil an tionscadal aibí go leor, diúltófar don fhógra agus beidh údar leis an gcinneadh.

2. scriosta.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfaighidh tionscnóirí tionscadail faisnéis ghinearálta mar threoirlínte maidir le fógra a thabhairt, i gcás inarb ábhartha de réir an mhodha iompair, faoi na ceadanna, na cinntí agus na barúlacha riachtanacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tionscadal a chur chun feidhme.

Áireofar an méid seo a leanas ar an bhfaisnéis sin, maidir leis na ceadanna, na cinntí agus na tuairimí éagsúla:

- faisnéis ghinearálta faoi raon feidhme ábhartha agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le cur isteach ag an tionscnóir tionscadail,
- teorainneacha ama is infheidhme nó, mura bhfuil teorainneacha ama táscacha den sórt sin ann, agus
- na húdaráis agus na páirtithe leasmhara a mbíonn baint acu de ghnáth le comhairliúcháin a bhaineann leis na ceadanna, na cinntí agus na tuairimí éagsúla.

Beidh rochtain éasca ag gach tionscnóir tionscadail ábhartha ar an bhfaisnéis sin, go háirithe trí thairseacha faisnéise (leictreonach nó fisiceach).

4. D'fhonn a áirithiú go n-éireoidh leis an bhfógra, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbunóidh an t-údarás ainmnithe, arna iarraidh sin don tionscnóir tionscadail, cur síos mionsonraithe ar an iarratas ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas atá curtha in oiriúint don tionscadal aonair:

(a) Na céimeanna aonair den nós imeachta agus na teorainneacha ama a bhaineann leo;

(b) Raon feidhme ábhartha agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le cur isteach ag an tionscnóir tionscadail;

(c) Liosta de na ceadanna, de na cinntí agus de na barúlacha riachtanacha atá le fáil ag an tionscnóir tionscadail le linn an nós imeachta um dheonú ceadanna, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;

(d) Na húdaráis agus na geallsealbhóirí a bheith rannpháirteach sa chaidreamh leis na hoibleagáidí faoi seach, lena n-áirítear le linn chéim fhoirmiúil an chomhairliúcháin phoiblí.

5. Beidh an cur síos mionsonraithe ar an iarratas bailí i rith an nós imeachta um dheonú ceadanna. Beidh údar cuí le haon leasú ar an gcur síos mionsonraithe ar an iarratas.

6. I gcás ina bhfuil comhad iomlán an iarratais tionscadail curtha isteach ag an tionscnóir tionscadail, glacfar an cinneadh údarúcháin laistigh den teorainn ama atá leagtha amach in Airteagal 6 .

*Airteagal 7*

***Comhordú ar nósanna imeachta trasteorann um dheonú ceadanna***

1. I gcás tionscadail a bhaineann le dhá Bhallstát nó níos mó, cinnteoidh na Ballstáit go bhféachfaidh údaráis ainmnithe na mBallstát lena mbaineann lena n-amchláir a chomhordú agus sceideal comhpháirteach a chomhaontú maidir leis an nós imeachta um dheonú ceadanna.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, go bhfaighidh na Comhordaitheoirí Eorpacha faisnéis maidir leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus go bhféadfaidh siad teagmhálacha a éascú idir na húdaráis ainmnithe i gcomhthéacs na nósanna imeachta um dheonú ceadanna do thionscadail a bhaineann le dhá Bhallstát nó níos mó.

3. Déanfaidh na Ballstáit, mura gcloítear leis an teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 6, faisnéis a thabhairt arna iarraidh sin do na Comhordaitheoirí Eorpacha lena mbaineann faoi na bearta a rinneadh nó atá beartaithe a dhéanamh chun an nós imeachta um dheonú ceadanna a thabhairt chun críche leis an moill is lú is féidir.

## CAIBIDIL III SOLÁTHAR POIBLÍ

*Airteagal 8*

***Soláthar poiblí i dtionscadail trasteorann leasa choitinn***

I gcás ina bhfuil na nósanna imeachta soláthair á seoladh ag eintiteas comhpháirteach i dtionscadal trasteorann, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an t-eintiteas comhpháirteach i bhfeidhm forálacha náisiúnta Ballstáit amháin agus, de mhaolú ar Threoir 2014/25/AE agus 2014/24/AE, is éard a bheidh sna forálacha sin na forálacha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 57(5) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] nó pointe (a) d'Airteagal 39(5) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], de réir mar is infheidhme, mura mbeidh comhaontú ann idir na Ballstáit rannpháirteacha lena bhforáiltear a mhalairt. Déanfar foráil i gcomhaontú den sórt sin, ar chaoi ar bith, go mbeidh feidhm ag aon reachtaíocht náisiúnta amháin i ndáil le nósanna imeachta soláthair arna seoladh ag eintiteas comhpháirteach.

---

[11] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 094, 28.03.2014, lch. 243).

[12] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

## CAIBIDIL IV - CÚNAMH TEICNIÚIL

*Airteagal 9*

***Cúnamh teicniúil***

[Scriosta]

## CAIBIDIL V - FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 10*

***Forálacha idirthréimhseacha***

Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le tionscadail ar cuireadh tús leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna ina leith roimh an ... [ 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo ] .

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 ach amháin maidir leis na conarthaí sin a ndearnadh an glao ar thairiscintí ina leith a sheoladh cheana nó, i gcás nach bhforáiltear do ghlao ar thairiscintí, nó i gcás inar chuir an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach tús leis an nós imeachta um dheonú ceadanna tar éis… [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 maidir le heintiteas comhpháirteach a cuireadh ar bun roimh ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ar choinníoll go leanfaidh nósanna imeachta soláthair an eintitis sin de bheith faoi rialú na reachtaíochta is infheidhme maidir lena sholáthairtí ar an dáta sin .

*Airteagal 10a*

***Trasuí***

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi 24 mhí tar éis don Treoir seo teacht i bhfeidhm. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 11*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**IARSCRÍBHINN II**

Cuirfear an Iarscríbhinn leis an Treoir seo agus beidh sí mar liosta de na naisc thrasteorann agus de na naisc atá in easnamh i Roinn 1 "Conairí an Chroíghréasáin agus liosta táscach de naisc thrasteorann réamhshainaitheanta agus de naisc atá in easnamh" de Chuid III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014, mar a leagtar amach sa Chomhthuiscint pháirteach 7207/1/19 REV 1 a luaithe a ghlacfar í.